



Coimisiún na Scrúduithe Stáit

An Ardteistiméireacht 2024

**Aistriúchán
Ar Scéim Mharcála**

Gnó

Ardleibhéal

Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuilleanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

Scéimeanna Marcála san am atá le teacht

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Scéim Mharcála agus Nótaí Tacaíochta le húsáid leis an Scéim Marcála.

Agus an scéim mharcála agus na nótaí tacaíochta á mbreithniú is cóir na pointí a leanas a chur san áireamh:

Níl na nótaí tacaíochta seo uileghabhálach ná críochnúil.

- **Ní** freagraí eiseamláireacha iad ach, ina ionad sin, sampla de fhreagraí féideartha atá iontu.
- I go leor cásanna ní thugann na nótaí tacaíochta ach príomhfhrásaí a chaithfidh a bheith i bhfreagra an iarrthóra chun na marcanna sannta a thuilleamh.
- **Déantar pointí ábhartha eolais eile a chuirfidh na hiarrthóirí i láthair a mharcáil agus a chúiteamh de réir fiúntais.**
- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar. D'fhéadfadh athrú teacht ar na riachtanais ó bhliain go bliain mar sin.
- Caithfidh gur úsáideadh focail, nathanna cainte nó frásaí sa chomhthéacs ceart agus nár tháinig siad salach ar a chéile, agus más léir nár úsáideadh i gceart iad nó gur tháinig siad salach ar a chéile, níor cheart na marcanna a bhronnadh.
- Ba chóir do scrúdaitheoir ar bith nach bhfuil cinnte faoin mbailíocht modha atá déanta ag iarrthóir áirithe le ceist áirithe teagmháil a dhéanamh lena Scrúdaitheoir Comhairleach.

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA GNÓ ARDLEIBHÉAL 2024
SCÉIM MHARCÁLA

ROINN 1
(80 Marc)

Ní mór an roinn seo a fhreagairt.
 Freagair 8 gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.

Ceist	Scéim	Marcanna
1.	3+2+2+2+1	10
2.	3+2+2+2+1	10
3.	(i)4 (2+2) (ii)6 (3+3)	10
4.	3+2+2+2+1	10
5.	2@5m (3+2) (3+2)	10
6.	2@5m (3+2)+(3+2)	10
7.	3+2+2+2+1	10
8 .	2@5m (3+2) (3+2)	10
9.	(i) 6m (1+1+2+2) (ii)4m (2+2)	10
10.	4m(2+2) + 3m(2+1)+ 3m(2+1)	10
11.	4m + 3m + 3m	10
12.	(i) 4m (2+2) (ii) 6m (2+2+1+1)	10
Roinn 1	Marcanna Ar Fáil	80

ROINN 2
(80 Marc)

Cúram Nua-Aoise na hÉireann

Ceist ar an nGnó Feidhmeach (Aonaid 1,2,3) Ní mór an cheist seo a fhreagairt.			Uasmharc
(A)	Tabhair breac-chuntas ar/Imlínigh na scileanna/tréithe fiontraíochta a thaispeáin úinéir Chúram Nua-Aoise na hÉireann Teo. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra.	10m(4+3+3) 5m(2+2+1) 5m(2+2+1)	20 marc
(B)	(i) Sainmhínigh an téarma ‘conradh’. (ii) Déan plé ar/Pléigh na gnéithe riachtanacha de chonradh bailí atá ann maidir leis an gceannach talún a rinne Cúram Nua-Aoise na hÉireann Teo. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra.	6m(3+3) 10m(5+3+3) 7m(3+2+2) 7m(3+2+2)	30 marc
(C)	Déan measúnú ar an dóigh a bhfuil scileanna bainistíochta Shéamuis i ndiaidh cur leis an rath atá ar Chúram Nua-Aoise na hÉireann Teo. Déan tagairt don téacs i do fhreagra.	3 @ 10m (4+3+2+1) Ainmnigh, a scileanna bainistíochta mínithe, tagairt, measúnú	30 marc
Roinn 2	Marcanna Ar Fáil		80 marc

Agus freagraí á dtabhairt acu ar cheisteanna ar an CGF, ní mór d’iarrthóirí úsáid a bhaint as an eolas ábhartha agus as an tuiscint ábhartha a ghnóthaigh siad san ábhar agus staidéar á dhéanamh acu ar an gcúrsa, chomh maith leis na naisc ábhartha ón CGF.

I ndáil leis na naisc atá tugtha, **ní mór** dóibh a bheith ina n-athfhriotal / ina bhfrása / ina ráiteas díreach ábhartha ón CGF, a léiríonn go bhfuil tuiscint shoiléir ag na hiarrthóirí ar an bpointe (ar na pointí) teoirice a chuirtear i láthair. Tá naisc leithleacha riachtanach i ngach roinn. Ní bhronntar marc as aon nasc gan teoiric ábhartha.

Roinn 3
(240 marc)

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

Ceist **Amháin** as **Cuid 1**, Ceist **Amháin** as **Cuid 2** agus dhá cheist eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá gach ceist ar aon mharc.

Cuid 1

Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

Ceist 1 Fiontraíocht / Bainistíocht			Uasmharc
(A)	(i) Mínigh an téarma ‘sárú conartha’.	6m(4+2)	20
	(ii) Léirigh na réitigh atá ar fáil i gcás sárú conartha.	2@7m(2+2+3)	
(B)	(i) Déan cur síos ar thrí ghné a bhaineann le Nós Imeachta na nÉileamh Beag chun coimhlint a réiteach.	3@5m (2+3)	20
	(ii) Mol bealach amháin a bhféadfaí Nós Imeachta na nÉileamh Beag a fheabhsú, dar leat. Tabhair cúis le do fhreagra	5m (2+3)	
(C)	(i) Liostaigh trí chúis faoinar féidir a mheas go bhfuil dífhostú éagórach de réir an Achta um Dhífhostú Éagórach, 1977/2015.	3@2m	20
	(ii) Tabhair breac-chuntas ar thrí nós imeachta ba chóir d’fhostóir a leanúint nuair atá fostaí á dhífhostú, faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977/2015	2@ 5m (2+3) 1@4m (2+2)	
Marcanna Ar Fáil			60

Ceist 2 An Timpeallacht Intíre			Uasmharc
(A)	(i) Déan idirdhealú idir fás geilleagrach agus rátaí úis. (ii) Tabhair breac-chuntas ar na/Imlínigh an tionchair a bhíonn ag méadú i rátaí úis ar ghnólachtaí Éireannacha.	2@5m(2+3) 2@5m(2+3)	20
(B)	(i) Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma an earnáil phríomhúil. (ii) Déan plé ar na treochtaí reatha in earnáil phríomhúil an gheilleagair.	1@5m(2+3) 3@5m(2+3)	20
(C)	(i) Mínigh an téarma eitic ghnó. (ii) Tabhair breac-chuntas ar/Imlínigh conas a d'fhéadfadh gnólacht a chuid fostaithe a spreagadh le bheith eiticiúil.	1@5m(2+3) 3@5m(2+3)	20
Marcanna Ar Fáil			60

Ceist 3			Uasmharc
An Timpeallacht Idirnáisiúnta			
(A)	(i) Mínigh Comhardú na nÍocaíochtaí. (ii) Ríomh Comhardú na Trádála agus Comhardú na nÍocaíochtaí ag baint úsáid as na sonraí thuas. Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá i do fhreagra. Taispeáin do chuid oibre.	6m(3+3) 14 mharc BOT/CnaT 6 mharc BOP/CnaIm 8 marc (1 mharc ar fhoirmle agus 1 mharc ar gach figiúr ceart, 1 mharc ar chomhartha €, 1 mharc ar barrachas/easnamh)	20
(B)	Seachas cánachas, déan plé ar na cúiseanna a lonnaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn.	4@5m(2+3)	20
(C)	(i) Déan idirdhealú idir na téarmaí an cumasc margaíochta caighdeánaithe agus an cumasc margaíochta sainoiriúnaithe/oiriúnaithe. (ii) Mínigh an tábhacht d'Éirinn a bhaineann le ceann amháin ar bith de na polasaithe/beartais seo a leanas de chuid an Aontais Eorpaigh. - An Comhbheartas Talmhaíochta - Polasaí Sóisialta an AE - Polasaí Iomaíochta an AE	2@5m(2+3) 2@5m(2+3)	20
	Marcanna Ar Fáil		60

Ceist 4 Bainistíocht			Uasmh arc
(A)	(i) Sainmhínigh an téarma aighneas trádála mar a leagtar amach é faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1990. (ii) Déan cur síos ar thrí chineál gníomhaíochta tionsclaíche oifigiúla.	8m (2+3+3) 3@4m(2+2)	20
(B)	(i) Léirigh an difríocht atá idir stocaireacht agus idirbheartaíocht. (ii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann fostaí as ceardchumann.	2@5m(3+2) 2@5m(3+2)	20
(C)	Déan measúnú ar an ról atá ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CICT) (CCPC i mBéarla).	4@4m (2+2) EV 2, EV 2	20
	Marcanna Ar Fáil		60

Roinn 3

Cuid 2

Fiontraíocht

Ceist 5 Bainistíocht			Uasmharc
(A)	Mínigh cúiseanna a mbeadh duine ina f(h)iontraí.	3@5m(2+3)	15
(B)	(i) Déan idirdhealú idir na téarmaí réise rialúcháin agus slabhra ceannais.	2@5m(2+3)	25
	(ii) Déan plé arPléigh na buntáistí a bhaineann le struchtúr maitrise eagraíochta do ghnólacht amhail IKEA.	3@5m(2+2+1)	
(C)	Tabhair breac-chuntas/Imlínigh, agus sampla in úsáid agat, ar an tionchar atá ag an teicneolaíocht ar an mbainistíocht i ngnólacht amhail IKEA maidir le; (i) Dearadh táirgí (ii) Déantúsaíocht (iii) Margaíocht (iv) Bainistíocht acmhainní daonna	4@mm5(2+2+1)	20
	Marcanna Ar Fáil		60

Ceist 6 Bainistíocht			Uas. Marc
(A)	(i) Mínigh na fáthanna a n-ullmhódh Jackson Teo. réamhaisnéis sreafa airgid.	2@5m(2+3)	25
	(ii) Ríomh na figiúirí a seasann na litreacha A, B agus C dóibh ar an réamhaisnéis sreafa airgid. (Taispeáin do chuid oibre agus do fhreagra sa fhreagarleabhar)	7m (3+2+2)	
	(iii) Tabhair breac-chuntas ar dhá bhealach a bhféadfadh Jackson Teo. déileáil leis an bhfadhb atá léirithe sa réamhaisnéis sreafa airgid thuas.	2@4m(2+2)	
(B)	Déan plé ar/Pléigh na difríochtaí atá idir teaghlach a bhainistiú agus gnólacht a bhainistiú maidir le cánachas.	3@5m(2+3)	15
(C)	(i) Mínigh, agus samplaí in úsáid agat, na trí phrionsabal seo a leanas a bhaineann le hárachas; Meon Lánmhaith Slánaíocht Leas Inárachais	3@5mm(2+3)	20
	(ii) Sainaithin cineál amháin polasaí árachais agus mínigh an fáth a bhféadfadh an chuideachta árachais a mheas nach bhfuil an riosca inárachais.	5m(2+3)	
	Marcanna Ar Fáil		60

Ceist 7 Gnó i nGníomh			Uasmharcanna
(A)	(i) Mínigh an téarma baisctháirgeadh. (ii) Déan plé ar na himpleachtaí do 4th ARQ má athraíonn siad ó bhaisctháirgeadh go próiseas olltáirgthe.	5m(2+3) 3@5m(2+2+1)	20
(B)	Déan Trádálaí Aonair agus Cuideachta Phríobháideach Theoranta a chur i gcodarsnacht lena chéile mar chineálacha úinéireachta gnó faoi na ceannteidil seo a leanas: Foirmiú Dliteanas Airgeadas Cóimheastóir/Rialú	4@5(2+3)	20
(C)	(i) Mínigh trí cinn ar bith de na téarmaí airgeadais gnó seo a leanas. • Leachtacht • Cuntas Brabúis agus Cailteanais • Féichiúnaithe • Díbhinní (ii) Tabhair breac-chuntas ar chóimheas airgeadais amháin a mbaintear úsáid as chun brabúsacht ghnólaíochta a thomhas.	3@5m(2+3) 5m(2+3)	20
	Marcanna ar fáil		60

Ceist 8 Gnó i nGníomh			Uasmharcann a
(A)	(i) Mínigh an téarma praghsáil bhísigh. (ii) Tabhair breac-chuntas ar/Imlínigh na tosca a d'fhéadfadh gnólachtaí a mheas sula gcinnfidís ar phraghas dá dtáirge nó dá seirbhís. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra.	5m(2+3) 3@5m(2+2+1)	20
(B)	(i) Céard dó a seasann na litreacha ÚCFÉ (ASAI i mBéarla)? (ii) Déan idirdhealú idir fógraíocht chineálach agus fógraíocht áititheach. (iii) Tabhair breac-chuntas ar mheán fógraíochta a mholfá do dhá cheann de na gnólachtaí atá ar an liosta thíos. Tabhair cúis mar thaca le gach moladh. • Uaireadóirí Rolex • Óstán agus Ionad Gailf Adare Manor • Deochanna Hiodráitiúcháin Prime	4m 2@5m(2+3) 1@6m(3+3) 1@5m(3+2)	25
(C)	Déan cur síos ar theicnící difriúla do phromóisin díolachán/tionscnamh díolacháí a bhféadfadh gnólacht úsáid a bhaint astu chun táirge nua nó táirge atá ann cheana a chur chun cinn. Bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra.	3@5m(2+2+1)	15
	Marcanna ar fáil		60

ROINN 1
(80 Marc)
CEISTEANNA GEARRFHREAGRA
NÓTAÍ TACAÍOCHTA

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc								
1.				10 3+2+2+2+1								
			<table border="1"> <tr> <td>1</td><td>2</td><td>3</td><td>4</td><td>5</td></tr> <tr> <td>B</td><td>D</td><td>F</td><td>A</td><td>E</td></tr> </table>		1	2	3	4	5	B	D	F
1	2	3	4	5								
B	D	F	A	E								

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
2.				10 3+2+2+2+1
			GFT (IDA)	
			Gníomhaireacht Forbartha Tionsclaíche	
			POF (CEO)	
			Príomhoifigeach Feidhmiúcháin	
			BCE (ECB)	
			Banc Ceannais na hEorpa	
			OCC (CRO)	
			An Oifig um Chlárú Cuideachtaí	
			EDT (WTO)	
			An Eagraíocht Dhomhanda Trádála	

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3.	(i)	Mínigh an téarma Forbairt Pobail. Tagraíonn forbairt pobail d'fhorbairt ceantar áitiúil agus pobal áitiúil go sóisialta agus go heacnamaíoch trí iarrachtaí na saoránach agus na gcónaitheoirí áitiúla. Tá an fhorbairt bunaithe go háitiúil agus baineann sé le féinchúnamh seachas bheith ag brath ar an rialtas nó ar ghníomhaireachtaí seachtracha chun cuidiú leo forbairt.	4m (2+2)
	(ii)	Tabhair breac chuntas ar sheirbhís amháin a sholáthraíonn eagraíocht forbartha pobal de do rogha féin. Deontais: Cuireann eagraíochtaí forbartha pobail amhail Leader maoiniú ar fáil chun cuidiú le tionscnaimh phobail. M.SH. Feirmeoir tuaithe a fhaigheann maoiniú chun gnó déanta subh a chur ar bun. Comhairle: Faigheann grúpaí forbartha pobail comhairle ó eagraíochtaí forbartha pobail amhail na cláir LEADER/Ceannaire, APCanna, pobal srl maidir le conas a smaoineamh a fhorbairt. Glac le pointí ábhartha ar; Ceardlanna oiliúna, Meantóireacht/Comhairleoireacht, Áitreabh srl.	6m (3+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
4.			(i) Cuirtear síos ar an difríocht idir an sprioc-aschur in aonaid agus an pointe meá ar mheá in aonaid mar <i>ioncam iomlán / lamháil sábháilteachta</i>. (ii) <i>Cuirtear / ní chuirtear</i> barainneacht scála san áireamh ar chairt mheá ar mheá. (iii) Ar chairt mheá ar mheá, fanann <i>costais sheasta / costais iomlána</i> mar an gcéanna beag beann ar aon mhéadú ar aschur na n-aonad. (iv) Iolraítear an t-aschur tuartha in aonaid faoin <i>gcostas athraitheach in aghaidh an aonaid / bpraghas díola in aghaidh an aonaid</i> chun an t-ioncam iomlán ar chairt mheá ar mheá a ríomh. (v) Tuilleann táirge brabús / <i>caillteanas</i> sula sroicheann sé an pointe meá ar mheá ar an gcart mheá ar mheá.	10m 3+2+2+2+1

Ceist	Freagraí Féideartha	Uas. Marc
5.	Tabhair breac-chuntas ar dhá fheidhm atá ag Parlaimint na hEorpa. Pléann sí dlíthe nua atá beartaithe agus déanann sí díospóireachtaí orthu: Faigheann Parlaimint na hEorpa moltaí le haghaidh reachtaíocht nua ón gCoimisiún Eorpach. Déanann Parlaimint AE an reachtaíocht atá beartaithe a phlé, a athbhreithniú agus déanann sí díospóireacht uirthi. Molann sí leasuithe ar an dréacht-reachtaíocht: Déanann Parlaimint AE an reachtaíocht atá beartaithe a phlé, a athbhreithniú agus déanann sí díospóireacht uirthi agus féadfaidh sí leasuithe a iarraidh ar an dréacht-reachtaíocht. Tugann sí aiseolas do choimisiún an Aontais Eorpaigh maidir le leasuithe ar na dlíthe nua. Faomhann sí buiséad bliantúil an Aontais agus déanann sí monatóireacht ar an gcaiteachas: Formheasann Parlaimint na hEorpa buiséad an Aontais agus déanann sí monatóireacht ar chaiteachas chistí an Aontais ag gach tír agus institiúid. • Déanann sí grinnfhiosrúchán ar chomhaltaí an Choimisiúin Eorpaigh • Cumhachtaí maoirseachta	2@5m (3+2)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6.		Déan idirdhealú idir Trádbhac agus Cuóta. Trádbhac: Is cosc iomlán é sin ar allmhairiú earraí ó thír ar leith amháin. Is minic a dhéantar é ar chúiseanna polaitiúla. Sampla: Chuir rialtas Mheiriceá lánchosc ar allmhairiú mairteola na Ríochta Aontaithe mar gheall ar na leibhéil arda BSE sa Ríocht Aontaithe. Cuóta: Is éard is cuótaí ann ná teorainneacha a fhorchuirtear ar allmhairiú earraí agus seirbhísí. Úsáidtear cuótaí mar bhacainn trádála chun teorainn a chur le méid cineáil áirithe táirge agus/nó leis an méid earraí ó thír áirithe is féidir a allmhairiú. Sampla: D'fhorchuir an Ríocht Aontaithe cuótaí ar allmhairiú éanlaith chlóis, cruach. Cuóta á fhorchur ag Stáit Aontaithe Mheiriceá ar mhairteoil is féidir a allmhairiú ó Ceanada. Cuóta á fhorchur ag an Aontas Eorpach ar na táirgí mairteola agus uaineola is féidir a allmhairiú ó lasmuigh den Aontas Eorpach.	10 2@5 (3+2)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc										
7.			<table><tr><td>1</td><td>Fíor</td></tr><tr><td>2</td><td>Bréagach</td></tr><tr><td>3</td><td>Bréagach</td></tr><tr><td>4</td><td>Bréagach</td></tr><tr><td>5</td><td>Fíor</td></tr></table>	1	Fíor	2	Bréagach	3	Bréagach	4	Bréagach	5	Fíor	10 3+2+2+2+1
			1	Fíor										
			2	Bréagach										
			3	Bréagach										
			4	Bréagach										
			5	Fíor										

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
8.			Déan idirdhealú idir dhá chineál rialaithe bainistíochta a úsáidtear go coitianta i gcúrsaí gnó. Rialú Cáilíochta: A chinntiú go gcomhlíontar na caighdeáin táirge agus seirbhíse a mbíonn custaiméirí ag súil leo i gceart. Is éard atá i gceist le rialú cáilíochta ná caighdeáin na n-earraí agus na seirbhísí a thomhas go rialta. Rialú creidmheasa: Monatóireacht a dhéanamh ar na custaiméirí a dtabharfar creidmheas dóibh, cé chomh fada agus a dtabharfar dóibh é agus a chinntiú go n-íocfaidh siad é in am. Is éard atá i gceist le rialú creidmheasa ná acmhainneacht creidmheasa na bhféichiúnaithe a sheiceáil agus bearta chun íocaíochtaí prasa a chinntiú a chur i bhfeidhm. Rialú Stoic: Cinntítear go bhfuil an méid agus an cineál/saghas ceart earraí i stoc ag gnólachtaí ag an am ceart, gan costais stocshealúchais a thabhú. Méadaíonn rialú stoic sástacht na dtomhaltóirí agus laghdaíonn sé costais. Costas Airgeadais: Is éard atá i gceist le rialú airgeadais ná feidhmíocht airgeadais an ghnólachta a thomhas i gcoinne réamhaisnéisí sreabhaidh airgid agus buiséad.	2@5m (3+2)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
9.	(i)	$\overset{\textcircled{1}}{\frac{250,000}{300,000}} \times \frac{60,000}{1} \overset{\textcircled{2}}{=} \text{€}50,000 \overset{\textcircled{1}}{}$ $\overset{\textcircled{1}}{}$	6m
	(ii)	Déanann measúnóir árachais an cúiteamh atá le fáil a ríomh. Is éard is measúnóir ann ná duine a dhéanann measúnú ar éilimh árachais lena chinntiú go bhfaighidh an duine a dhéanann an t-éileamh cúiteamh inchosanta. Déanann siad athbhreithniú ar gach gné den éileamh, amhail damáistí, na daoine lena mbaineann, tuarascálacha na ngardaí agus tuairiscí léachta. Nó oibríonn measúnóir ar do shon agus déanfaidh sé nó sí idirbheartaíocht le d'árachóir chun d'éileamh a shocrú. Áirítear leis sin an figiúr socraíochta a idirbheartaíodh.	4m (2+2)

Ceist	Freagraí Féideartha		Uas. Marc															
10.		Liostaigh trí mhodh caidrimh phoiblí a mbaineann gnólachtaí úsáid astu. Tabhair sampla de gach modh <table border="1" data-bbox="349 414 1315 1182"> <thead> <tr> <th data-bbox="357 421 405 461"></th><th data-bbox="405 421 820 461">Modh Caidrimh Phoiblí</th><th data-bbox="820 421 1308 461">Samplaí</th></tr> </thead> <tbody> <tr> <td data-bbox="357 461 405 629">1.</td><td data-bbox="405 461 820 629">Formhuiniú ó Dhuine Cáiliúil/Tionchairí na Meán Sóisialta</td><td data-bbox="820 461 1308 629">Adidas ag íoc David Beckham as a gcuid éadaí spóirt a chaitheamh.</td></tr> <tr> <td data-bbox="357 629 405 757">2.</td><td data-bbox="405 629 820 757">Urraíocht</td><td data-bbox="820 629 1308 757">Allianz ag déanamh urraíochta ar Shraith Náisiúnta GLC.</td></tr> <tr> <td data-bbox="357 757 405 884">3.</td><td data-bbox="405 757 820 884">Preaseisiúintí/Comhdhálacha</td><td data-bbox="820 757 1308 884">Monaróir gluaisteán amhail Volkswagen ag eisiúint faisnéis phoiblíochta faoi tháirge nua.</td></tr> <tr> <td data-bbox="357 884 405 1176"></td><td data-bbox="405 884 820 1176">Glac le modhanna ábhartha eile le samplaí cuí – Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí/Comhpháirtíochtaí Carthanachta, Seó Bóthair/Taispeántas/Lá Oscailte</td><td data-bbox="820 884 1308 1176"></td></tr> </tbody> </table>		Modh Caidrimh Phoiblí	Samplaí	1.	Formhuiniú ó Dhuine Cáiliúil/Tionchairí na Meán Sóisialta	Adidas ag íoc David Beckham as a gcuid éadaí spóirt a chaitheamh.	2.	Urraíocht	Allianz ag déanamh urraíochta ar Shraith Náisiúnta GLC.	3.	Preaseisiúintí/Comhdhálacha	Monaróir gluaisteán amhail Volkswagen ag eisiúint faisnéis phoiblíochta faoi tháirge nua.		Glac le modhanna ábhartha eile le samplaí cuí – Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí/Comhpháirtíochtaí Carthanachta, Seó Bóthair/Taispeántas/Lá Oscailte		4m(2+2) 3m(2+1) 3m(2+1)
	Modh Caidrimh Phoiblí	Samplaí																
1.	Formhuiniú ó Dhuine Cáiliúil/Tionchairí na Meán Sóisialta	Adidas ag íoc David Beckham as a gcuid éadaí spóirt a chaitheamh.																
2.	Urraíocht	Allianz ag déanamh urraíochta ar Shraith Náisiúnta GLC.																
3.	Preaseisiúintí/Comhdhálacha	Monaróir gluaisteán amhail Volkswagen ag eisiúint faisnéis phoiblíochta faoi tháirge nua.																
	Glac le modhanna ábhartha eile le samplaí cuí – Gníomhaíochtaí Seirbhíse Poiblí/Comhpháirtíochtaí Carthanachta, Seó Bóthair/Taispeántas/Lá Oscailte																	

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
11.		Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma ‘Comhchoiste Oibreachais’. Is comhlacht neamhspleách é Comhchoiste Oibreachais (CCO) ina gcuimsítear líon comhionann ionadaithe fostóirí agus oibrithe. Socraíonn CCO na coinníollacha fostaíochta agus na híosrátaí pá d’fhostaithe in earnáil áirithe, mar shampla, glanadh ar conradh. Is í an Chúirt Oibreachais a bhunaíonn CCONna i ndiaidh di iarratas a fháil ó cheachtar ceann díobh seo a leanas: • An tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta • Ceardchumann • Eagraíocht ar bith a dhéanann ionadaíocht do na hoibrithe nó na fostóirí lena mbaineann Is é an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta a cheapann cathaoirleach agus cathaoirleach ionaid CCO. I measc na samplaí de na CCONna reatha: oibrithe talmhaíochta, Lónadóireacht, glantóirí ar conradh, luathfhoghlaím, gruagaireacht, óstáin, an tionscal slándála, an earnáil mhiondíola agus ghrósaeireachta agus scoileanna Béarla.	10m (4+3+3)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
12.	(i)	Grúpa daoine aonair/fostaithe ag obair le chéile chun cuspoir áirithe a bhaint amach.	4m (2+2)
	(ii)	Foirmiú Ransú/Stoirmiú Normú Feidhmiú	6m (2+2+1+1)

ROINN 2

Ceist	Freagraí Féideartha	Uas. Marc
(A)	Tabhair breac-chuntas ar na scileanna/tréithe fiontraíochta a thaispeáin úinéir Chúram Nua-Aoise na hÉireann Teo. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra. Duine a théann sa tseans/Tógaint Riosca Ní bhíonn eagla ar fhiontraithe dul san fhiontar. Bíonn siad sásta an riosca pearsanta agus airgeadais a bhaineann le gnólacht a chur ar bun a ghlacadh. Is gnólacht a réachtálann tithe altranais é Cúram Nua-Aoise na hÉireann Teo. a bhunaigh Séamus Ó Brolacháin in 2002. Nó D'éirigh Séamus as a phost sa tionsclaíocht chun oibríochtaí an ghnólachta a bhainistiú. Nó 'Bhí Séamas ag obair sa tionscal agus ag tabhairt aire dá thuismitheoirí scothaosta.' Cruthaitheach/Nuálach An cumas smaoineamh as nua agus teacht ar smaointe nua/bearna a aimsiú sa mhargadh le haghaidh táirgí nó seirbhísí. Bhí Cúram Nua-Aoise na hÉireann ar cheann de na tithe altranais in Éirinn ba thúisce a bhain úsáid as na meáin shóisialta mar uirlis bholscaireachta. Nó 'Bhí Séamus ag obair in earnáil na tionsclaíochta agus ag tabhairt aire dá chuid thuismitheoirí aosta nuair a chonaic sé deis teach altranais a oscailt in oirdheisceart na hÉireann.' Cinntitheach/Cinnteoireacht Forbraíonn fiontraithe an cumas chun cásanna a anailísiú agus cinntí á ndéanamh acu. Téann siad i gcomhairle leis na daoine cearta agus déanann siad na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le cinneadh ar bith a mheas. 'D'éirigh Séamus as a phost sa tionsclaíocht chun oibríochtaí an ghnólachta a bhainistiú.' Nó Bhí Séamus ag iarraidh go mbeadh seirbhís ar ardchaighdeán á cur ar fáil ag an ngnólacht agus thuig sé go gcaithfeadh sé togha na foirne a earcú. Nó	10m(4+3+3) 5m(2+2+1) 5m(2+2+1)

		‘Rinne Séamus cinneadh fostaithe a mhealladh trí thuarastal níos airde ná na hiomaitheoirí a thairiscint.’ Dírthe ar an Todhchaí/ Deiseanna a Aithint/Réamhghníomhach/Uaillmhian/Tionscnamh Ag smaoineamh ar an todhchaí i gcónaí agus ag lorg bealaí nua chun an gnólacht a fheabhsú. Ag coinneáil ar an eolas faoi athruithe ar an méid a theastaíonn ó chustaiméirí agus an gnólacht a oiriúnú chun freastal orthu sin. ‘Chonaic sé deis chun teach altranais a oscailt in oirdheisceart na hÉireann.’ Braistint Réadúlachta(Réadúil)/Réalaíoch An cumas cásanna a fheiceáil mar atá siad i ndáiríre agus ní mar ba mhaith leis an bhfiontraí iad a fheiceáil. ‘Bhí Séamus ag iarraidh go mbeadh seirbhís ar ardchaighdeán á cur ar fáil ag an ngnólacht agus thuig sé go gcaithfeadh sé togha na foirne a earcú. Nó ‘Rinne Séamus cinneadh fostaithe a mhealladh trí thuarastal níos airde ná a chuid iomaitheoirí a thairiscint. Acmhainneach(Athléimneach) /diongbháilte / féinspreagtha /Muiníneach/Féinmhuinín Tá fiontraithe ábalta buillí agus dúshlán a shárú. ‘Bhí roinnt dúshlán le sárú ag Séamus, ach in ainneoin amanna crua, d’éirigh leis na deacrachtaí sin a shárú agus d’oscail sé an dara teach altranais in 2023.’ Nó ‘D’fhorbair Séamus plean gnó feabhsaithe agus fuair sé airgeadas trí chuideachta caipitil fiontair.’ Caidreamh Daonna/Líonrú Caithfidh fiontraithe réiteach go maith le daoine ‘D’fhorbair Séamus plean gnó feabhsaithe agus fuair sé airgeadas trí chuideachta caipitil fiontair.’ Neamhspleách Is féidir le fiontraithe rudaí a dhéanamh dóibh féin/a gcuid rudaí féin a dhéanamh. Is maith leo smacht a bheith acu ar rudaí ‘D’éirigh Séamus as a phost sa tionsclaíocht chun oibríochtaí an ghnólachta a bhainistiú.’	
--	--	---	--

		Solúbthacht Tá an cumas ag an bhfiontraí rudaí a athrú de réir mar is gá. Coinníonn siad suas leis an saol ionas go mbeidh siad teacht lena bhfuil ag tarlú faoi láthair ‘D’fhorbair Séamus plean gnó feabhsaithe agus fuair sé airgeadas trí chuideachta caipitil fiontair.’ Nó Inoiriúnaitheacht Tá an fiontraí ábalta rudaí a athrú de réir mar is gá chun caighdeán nua a chomhlíonadh nó rud éigin nua a dhéanamh. Bhí Cúram Nua-Aoise na hÉireann ar cheann de na tithe altranais in Éirinn ba thúisce a bhain úsáid as na meáin shóisialta mar uirlis bholscaireachta. Bainistíocht Ama Liostaíonn an fiontraí na rudaí ar fad is gá a dhéanamh agus an t-am atá ar fáil chun iad a dhéanamh. Tabharfaidh siad tús áite ansin do na cinn is tábhachtaí lena chinntiú go ndéanfar gach rud in am. ‘D’éirigh Séamus as a phost sa tionsclaíocht chun oibríochtaí an ghnólachta a bhainistiú.’	
--	--	--	--

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
(B)	(i)	Sainmhínigh an téarma conradh. Is éard is conradh ann ná comhaontú atá ceangailteach ó thaobh dlí/comhaontú dlíthiúil ceangailteach idir dhá pháirtí nó níos mó.	6m (3 + 3)
	(ii)	Déan plé ar na gnéithe riachtanacha de chonradh bailí atá ann maidir leis an gceannach talún a rinne Cúram Nua-Aoise na hÉireann Teo. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra. <u>Ná glac ach le ceann amháin de; Tairiscint, Glacadh, Comhaontú.</u> <u>Tairiscint</u> Gealltanais ón duine a dhéanann an tairiscint go mbeidh sé nó sí faoi cheangal na tairisceana ar choinníoll go nglacfar le téarmaí na tairisceana. Is féidir an tairiscint a dhéanamh ó bhéal, i scríbhinn, nó le hiompar agus is léiriú soiléir é ar thoilteanas an tairgeora comhaontú a dhéanamh faoi théarmaí sonraithe. ‘Glacadh le tairiscint a rinne Séamus ar thalamh a cheannach taobh amuigh de Cheatharlach.’ Nó <u>Glacadh</u> Caithfidh an dara páirtí aontú le téarmaí na tairisceana mar atá sí. Caithfidh an glacadh a bheith soiléir, iomlán agus neamhchoinníollach. ‘Glacadh le tairiscint a rinne Séamus ar thalamh a cheannach taobh amuigh de Cheatharlach.’ Nó <u>Comhaontú</u> Le go mbeidh comhaontú ann, caithfidh tairiscint shoiléir, iomlán agus neamhchoinníollach a bheith ann agus go nglacadh páirtí eile leis an tairiscint sin. ‘Glacadh le tairiscint a rinne Séamus ar thalamh a cheannach taobh amuigh de Cheatharlach.’ Comaoin Déanann sé seo tagairt don mhalartú luacha i gconradh. Caithfidh gach páirtí i gconradh rud éigin luachmhar a thabhairt don páirtí eile. Fad is a bheidh breithniú ann, ní cheisteoidh cúirt dlí a leordhóthanacht, ar choinníoll go bhfuil luach éigin ag baint léi. De ghnáth is íocaíocht airgeadaíochta é comaoin, ach d’fhéadfadh sé a bheith rud éigin luachmhar chomh maith atá malartaithe de bharr an chonartha. ‘Aistríodh an táille a bhí aontaithe agus fuarthas gníomhais úinéireachta.’	10m(4+3+3) 7m(3+2+2) 7m(3+2+32)

		Dlíthiúlacht foirme Ní mór conarthaí áirithe, chun iad a mheasadh a bheith dlíthiúil, a tharraingt suas ar bhealach ar leith. Is gá do roinnt conarthaí a bheith i scríbhinn le bheith bailí go dleathach. ‘Fuair sé na cáipéisí dlí ó dhlíodóir an díoltóra.’ Toiliú le Contrú Ní mór don dá pháirtí dul isteach sa chonradh dá stuaim féin. Caithfidh siad glacadh leis an gconradh gan tionchar míchuí. Mura bhfuil aon rogha ann, ní bheidh aon toiliú ann. Caithfidh an toiliú a bheith macánta agus deonach. ‘Bhuail Séamus lena chuid dlíodóirí chun an conradh a shíniú.’ Rún Conraithe Ní mór don dá pháirtí i gconradh a bheith ar an eolas go bhfuil siad ag cur isteach ar chomhaontú atá ina cheangal de réir dlí a d’fhéadfadh iad a fheiceáil sa chúirt má theipeann orthu a thaobh a choinneáil den chomhaontú. Le socruithe baile agus sóisialta, níl aon rún le conradh atá ina cheangal de réir dlí a chruthú. ‘Bhuail Séamus lena chuid dlíodóirí chun an conradh a shíniú.’ Dlíthiúlacht Cuspóra Caithfidh rún an chonartha na dlíthe go léir a chomhlíonadh ‘Creideann infheisteoirí san fhís seirbhís den chéad scoth a sholáthar i gCúram Nua-Aoise na hÉireann agus tá pleananna réitithe don tríú teach altranais.’	
--	--	---	--

(C)		Déan measúnú ar an dóigh a bhfuil scileanna bainistíochta Shéamuis i ndiaidh cur leis an rath atá ar Chúram Nua-Aoise na hÉireann Teo. Bíodh tagairt agat don téacs i do fhreagra. Ceannaireacht • Baineann ceannaireacht le tionchar a imirt ar dhaoine eile agus iad a spreagadh chun dul i dtreo áirithe. • Is éard atá i gceist le ceannaireacht ná daoine a threorú agus cuidiú leo lena chinntiú go ndéanfar obair éifeachtach ionas gur féidir cuspóirí a bhaint amach. • Ar na cineálacha ceannaireachta tá stíl uathlathach, stíl dhaonlathach agus Laissez-faire. ❖ Is ceannaire daonlathach é Séamas agus tarmligeann sé freagracht a bhféadfadh cinnteoireacht níos éifeachtaí a bheith mar thoradh air ag Chúram Nua-Aoise na hÉireann. ❖ Tionchar dearfach ar mhoráltacht na foirne. ❖ D'athraigh Séamas a stíl agus roinneann sé cúraimí anois. Is féidir leis níos mó ama a chaitheamh i dtithe altranais eile nó am a chaitheamh ar thascanna eile. Cothromaíocht oibre is saoil níos fearr. Leathnú an ghnólachta. ❖ Is éard is tarmligean ann ná obair a roinnt, d'fhéadfaí an obair a dhéanamh níos tapúla ❖ Níos mó taithí a thabhairt don fhoireann. ❖ D'éirigh le cúram Nua-Aoise de bharr scileanna foirne a mhéadú. Nasc 'Tá a stíl bhainistíochta athraithe aige.' nó 'Anois déanann Séamus údarás a tharmligean chuig an meánbhainistíocht sna tithe altranais.' Nó 'Creideann Séamus má thugann sé aire dá fhoireann go dtabharfaidh siadsan cúram agus seirbhís ar an leibhéal is airde do na cónaitheoirí atá ag Chúram Nua-Aoise na Éireann.' Measúnú ag teastáil	3 @ 10m (4+3+2+1)
-----	--	--	------------------------------

Spreagadh

- Is éard atá i gceist le spreagadh ná tosca a chur i bhfeidhm a thugann ar dhaoine iad féin a iompar ar bhealaí áirithe.
- Is éard is spreagadh mar scil bhainistíochta ann ná an cumas a bheith eolach ar an dóigh le cuidiú leis an bhfoireann/tabhairt ar an bhfoireann a ndícheall a dhéanamh.
- I measc na dteoiricí spreagtha tá Maslow agus McGregor.
- Tagair do Stíl spreagtha James, i.e. Teoiric Y nó freastal ar leibhéal riachtanais Maslow.
- Freastalaíonn sé ar riachtanais a fhoirne.
- Freastalaíonn Séamas ar riachtanais airgeadais agus neamhairgeadais na foirne - leibhéil ísle de láimhdeachas foirne agus cuidíonn sé le feabhas a chur ar chaighdeán na seirbhíse a sholáthraítear.
- Bíonn sé seo a leanas mar thoradh ar spreagadh rathúil
 - ❖ táirgiúlacht mhéadaithe
 - ❖ infhiontraíocht níos mó
 - ❖ caidreamh tionsclaíoch feabhsaithe
 - ❖ coinneáil / earcaíocht foirne

Nasc

‘Cuireann Séamus conair ghairme atá soiléir os comhair a chuid foirne mar go n-aithníonn sé nach airgead amháin a spreagann na fostaithe go léir.’

nó

‘Thug Séamus isteach scéim chuidithe d’fhostaithe atá ag iarraidh tuilleadh oideachas tríú leibhéal a fháil.’

Nó

‘Aithnítear spriocanna do na fostaithe ag na cruinnithe sin.’

Nó

‘Rinne Séamus cinneadh fostaithe a mhealladh trí thuarastal níos airde ná a chuid iomaitheoirí a thairiscint.’

Nó

‘Creideann Séamus má thugann sé aire dá fhoireann go dtabharfaidh siadsan cúram agus seirbhís ar an leibhéal is airde do na cónaitheoirí atá ag Cúram Nua-Aoise na Éireann.’

Measúnú ag teastáil

		Cumarsáid • Is éard atá i gceist le cumarsáid mar scil bhainistíochta ná eolas a aistriú idir páirtithe ar bhealach a spreagann gníomh. • Ní mór don lucht bainistíochta iarracht a dhéanamh a chinntiú go bhfuil sreabhadh dhá bhealach sna bealaí cumarsáide laistigh den eagraíocht. Go leor bealaí éagsúla cumarsáide. • Tá cumarsáid mhaith mar scil bhainistíochta riachtanach chun gnólacht a reáchtáil go héifeachtach. Nuair a dhéanann bainisteoir cumarsáid mhaith leis an bhfoireann beidh a fhios ag gach duine cad atá le déanamh, ní dhéanfar a oiread botún, mothóidh na fostaithe go bhfuil baint níos mó acu le reáchtáil an ghnólachta agus mar sin oibreoidh siad níos crua lena chinntiú go n-éireoidh leis. ❖ Déanann James cumarsáid éifeachtach lena fhostaithe - ní bheidh mórán fadhbanna caidrimh thionsclaíoch ann agus réiteofar fadhbanna go tapa. ❖ Faigheann James amach faoi fhadhbanna trí chruinniú leis an bhfoireann. Mothaíonn an fhoireann tábhachtach thart air. ❖ Is bealach iad spriocanna chun rath a thomhas. ❖ Déanann Séamas cumarsáid leis an lucht bainistíochta agus leis an bhfoireann. Bíonn cruinnithe rialta aige leis an lucht bainistíochta. ❖ Is bealach éifeachtach cumarsáide iad cruinnithe toisc... ❖ Is bealach éifeachtach cumarsáide iad breithiúnais toisc... ❖ Is bealach éifeachtach cumarsáide é spriocanna a leagan amach toisc... Nasc ‘Anois bíonn cruinnithe rialta ag Séamus lena fhoireann meánbhainistíochta.’ nó ‘Thug Séamus isteach cruinnithe measúnaithe don fhoireann agus bíonn siad sin ar siúl go bliantúil.’ nó Aithnítear spriocanna do na fostaithe ag na cruinnithe sin agus spreagtar an fhoireann chun aon údair imní atá acu a chur in iúl.’ Nó ‘Creideann Séamus má thugann sé aire dá fhoireann go dtabharfaidh siadsan cúram agus seirbhís ar an leibhéal is airde do na cónaitheoirí atá ag Cúram Nua-Aoise na Éireann.’ Measúnú ag teastáil	
--	--	---	--

Roinn 3
(240 marc)
(NÓTAÍ TACAÍOCHTA)

Freagair **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

Ceist **Amháin** as **Cuid 1**, ceist **amháin** as **Cuid 2** agus **dhá** cheist eile as **Cuid 1** nó as **Cuid 2**. Tá gach ceist ar aon mharc.

Cuid 1

Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
1	(A)	(i)	Mínigh an téarma ‘sárú conartha’. Ciallaíonn sárú ar chonradh nuair a bhriseann páirtí amháin i gconradh dlíthiúil coinníoll/ mórchuid den chonradh. Teipeann ar pháirtí amháin sa chonradh na coinníollacha nó mórchuid den chonradh a leanúint/cloí leis/leo/a choinneáil.	6m (4+2)
	(A)	(ii)	Léirigh na réitigh atá ar fáil i gcás sárú conartha An dlí a chur le haghaidh Damáistí/Cúiteamh: Is féidir leis an páirtí díobhálaíthe dlí a chur ar an bpáirtí a sháraíonn conradh as aon chaillteanas a bhí ann mar gheall ar an sárú sin. Sampla ag Teastáil Sainfheidhmíocht/sainchomhlíonadh: Ordaíonn an chúirt don pháirtí a sháraíonn an conradh téarmaí bunaidh an chonartha a chomhlíonadh mar a comhaontaíodh. Sampla ag Teastáil An Conradh a Chealú/An conradh a cur ar ceal: Cuirtear an conradh ar leataobh/cealaítear é agus filleann an dá pháirtí ar an staid a bhí ann sular síníodh an conradh. Sampla ag Teastáil	2@7m (2+2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
1	(B)	(i)	Déan cur síos ar <u>thrí</u> ghné a bhaineann le Nós Imeachta na nÉileamh Beag chun coimhlint a réiteach. Seirbhís is ea an nós imeachta um éilimh bheaga do thomhaltóirí a bhfuil éileamh acu in éadan gnólachta mar gheall ar sheirbhís mhíshásúil Is féidir le gnólacht éileamh a dhéanamh in éadan gnólachta eile a bhaineann le hearraí nó seirbhísí a ceannaíodh. Ní bhaineann sé le sárúithe ar chomhaontuithe léasaithe nó fiacha/leachtú Uaschúiteamh/Uasmhéid cúiteamh: ní ceadmhach dó a bheith níos mó ná €2,000. Costas Íseal: Ní mór táille bheag €25 a íoc chun an nós imeachta sin a úsáid. Neamhfhoirmiúil/Luas/Gasta: Ní theastaíonn aturnaí ar bith chun an t-éileamh sin a dhéanamh, rud a fhágann go bhfuil sé saor agus éasca le húsáid. Áisiúil/Inrochtaineacht: Is seirbhís an-inrochtana í toisc gur féidir éilimh a dhéanamh trí sheirbhís ar líne na gcúirteanna. Cineálacha Éileamh: Is féidir éilimh a dhéanamh ar earraí lochtacha, ar dhrochshaoirseacht nó ar dhamáiste beag do mhaoín.	3@5m (2+3)
	(B)	(ii)	Mol bealach a bhféadfaí Nós Imeachta na nÉileamh Beag a fheabhsú, dar leat. Tabhair cúis chun tacú le do fhreagra. Bain an táille chun tuilleadh cásanna a spreagadh Méadú ar luach na n-éileamh is féidir a dhéanamh	5m (2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
1	(C)	(i)	Liostaigh trí chúis faoinar féidir a mheas go bhfuil dífhostú éagórach de réir an Achta um Dhífhostú Éagórach, 1977/2015. Ballraíocht san Aontas Creideamh reiligiúnach nó polaitiúil Cine Toircheas/Ag súil le leanbh Aois Ball den Lucht Taistil Gnéaschlaonadh Nochtadh cosanta/sceithireacht a dhéanamh Imeachtaí dlí i gcoinne fostóra Leas a bhaint as Cearta amhail saoire mháithreachais, saoire uchtála srl Rogha éagórach le haghaidh iomarcaíochta	3@2m
	(C)	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar thrí nós imeachta ba chóir d'fhostóir a leanúint nuair atá fostaí á dhífhostú, faoin Acht um Dhífhostú Éagórach, 1977/2015. Comhairleoireacht Neamhfhoirmiúil. Ba cheart an nós imeachta réamh-disciplíneach sin a dhéanamh lena chinntiú go bhfuil na caighdeáin lena bhfuitear ag súil ar eolas ag an bhfostaí, agus ba cheart gurb é maoirseoir/bainisteoir a dhéanfaidh é. Cuirtear na hiarmhairtí mura gcomhlíonann siad na caighdeáin sin in iúl dóibh. Mura mbeidh an feabhas riachtanach mar thoradh ar an gcomhairleoireacht neamhfhoirmiúil sin, déanfar an nós imeachta araíonachta foirmiúil a agairt. Rabhadh Foirmiúil Briathartha Bheadh cruinniú leis an bhfostaí i gceist leis sin a bhféadfadh an fostaí comhghleacaí nó ionadaí eile a thabhairt leis chuige. Ag an gcruinniú ba chóir a chur in iúl don fhostaí cad í an fhadhb agus a iarraidh air nó uirthi freagra a thabhairt agus a ghníomhartha a mhíniú. I ndiaidh an chruinnithe, ba chóir litir dheimhniúcháin a thabhairt don fhostaí. Deimhníonn an litir sin gur tugadh rabhadh béil/ó bhéal don fhostaí. Ba cheart go mbeadh na feabhsuithe a theastaíonn ón bhfostaí ann freisin maidir leis an iompar ba chúis leis an rabhadh agus an t-achar ama faoina gcaithfear an feabhsú a dhéanamh. An Chéad Rabhadh i Scríbhinn Mura dtagann aon athrú ar an scéal, tabharfar rabhadh foirmiúil i scríbhinn i ndiaidh an rabhaidh ó bhéal. Tabharfar cóip d'ionadaí an fhostaí. B'fhéidir go dtabharfaí rabhadh deiridh i scríbhinn ina dhiaidh sin, fionraíocht gan phá, aistriú go tasc eile, nó go roinnt eile san fhiontar, íslíú céime, gníomh araíonachta cuí eile níos lú ná dífhostú agus dífhostú ar deireadh.	2@5m (2+3) 1@4m (2+2)

		An Dara Rabhadh i Scríbhinn Mura mbeidh an feabhsúchán riachtanach déanta laistigh den tréimhse 3 mhí i ndiaidh an 1ú rabhadh i scríbhinn, d'fhéadfaí an 2ú rabhadh i scríbhinn a eisiúint. Is faoin bhfostóir atá sin go hiomlán agus is gnách nach n-eisíonn go leor fostóirí ach an 1ú rabhadh agus an rabhadh deiridh i scríbhinn. An Rabhadh Deiridh i Scríbhinn Beidh an litir rabhaidh sin ar an gceann deiridh roimh dhífhostú agus mar sin tá sé tábhachtach go ndéanfaí í a dhréachtú go maith toisc go ndéanfaidh an fostaí, agus is dócha a chomhairleoir dlí, mionscrúdú uirthi. Níor cheart go luafaí sa litir sin ach na hábhair a bhí ina n-ábhar don nós imeachta araíonachta go dtí seo, ní ábhair eile nár cuireadh os comhair an fhostaí riamh. Fionraí Iarrtar ar an bhfostaí gan freastal ar an obair nó dul i mbun obair ar bith ach íocfar é nó í ag feitheamh tuilleadh fiosraithe. Ceart chun Achomhairc Tá sé de cheart ag an bhfostaí cinneadh cóir neamhchlaonta a fháil ar na saincheisteanna lena mbaineann, agus aon uiríll a rinne an fostaí nó a rinneadh thar ceann an fhostaí agus aon fhianaise, tosca nó imthosca ábhartha nó cuí eile á gcur san áireamh. ==== I gcás Mí-iompar Tromchúiseach, d'fhéadfadh na nósanna imeachta seo a leanas a bheith i bhfeidhm: Fionraí Tá an fostaí ar saoire le pá ag feitheamh toradh imscrúdaithe. Imscrúdú Déantar éisteacht nó imscrúdú. Tá an fostaí i dteideal ionadaíochta. Smachtbhanna agus Achomharc I ndiaidh na héisteachta, féadfar smachtbhanna a ghearradh ar fhostaí agus féadfaidh sé nó sin achomharc a dhéanamh i gcoinne aon chinnidh. Féadfaidh siad caingean dlí a ghlacadh freisin chun an próiseas a chur ar sos.	
--	--	---	--

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
2	(A)	(i)	Déan idirdhealú idir fás geilleagrach agus rátaí úis. Ciallaíonn fás eacnamaíoch méadú ar luach na n-earra agus seirbhísí a tháirgtear i dtír ó thréimhse amháin go dtí an chéad tréimhse eile. Ach Tagraíonn rátaí úis don chostas caipitil a fháil ar iasacht a shloinntear mar chéatadán den mhéid a fuarthas ar iasacht.	2 @ 5m (2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
2	(A)	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar na tionchair a bhíonn ag méadú i rátaí úis ar ghnólaíochtaí Éireannacha. Costais mhéadaithe /Brabúis laghdaithe: Tháinig méadú ar na costais do ghnólaíochtaí Éireannacha de réir mar a méadú ar ús ar iasachtaí agus aisíocaíochtaí iasachtaí. Laghdaigh sé sin an bhrabúsacht. Laghdú ar dhíolacháin: Tá níos lú ioncam indiúscartha ag tomhaltóirí mar gheall ar mhéadú ar aisíocaíochtaí morgáiste srl. Mar thoradh air sin, tagann laghdú ar ioncam indiúscartha na dtomhaltóirí agus, dá réir sin, tagann laghdú ar dhíolacháin do ghnólaíochtaí Éireannacha. Níos lú seans go mbeidh muinín/leathnú gnó ann: Bíonn níos mó drogaill ar ghnólaíochtaí caipiteal fiachais a úsáid chun leathnú a mhaoiniú agus mar sin cuireann siad pleananna chun leathnú a dhéanamh siar/ar ceal.	2@5m (2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
2	(B)	(i)	Léirigh an tuiscint atá agat ar an téarma an earnáil phríomhúil. Tagraíonn an earnáil phríomhúil do bhaint amhábh as acmhainní nádúrtha. M.sh. Feirmeoireacht, lascaireacht, Mianadóireacht, Foraoiseacht srl.	5m(2+3)
	(B)	(ii)	Déan plé ar na treochtaí reatha in earnáil phríomhúil an gheilleagair. Athrú Aeráide Teastaíonn bealaí feirmeoireachta/iascaireachta níos inbhuanaithe srl. Timpeallacht dramhaíl nó truailliú a laghdú, gan a oiread ceimiceán a úsáid san fheirmeoireacht Buarthaí Sláinte/Spéis tomhaltóirí a athrú Tháinig athrú ar tháirgeadh mar thoradh ar veigeánachas, bianna orgánacha, táirgí saor ó fheoil. Méaduithe ar chostais oibriúcháin. Tá innealra oibriúcháin, leasachán srl níos daoire anois. Costas maireachtála Tá tomhaltóirí ag ceannach táirgí/seirbhísí níos saoire ó thar lear. Ganntanas Foirne Bíonn deacrachtaí ag gnólachtaí na hearnála príomhúla na fostaithe a theastaíonn uathu a fháil. M.sh. Rinne roinnt gnólachtaí san earnáil phríomhúil iarracht fostaithe a fháil ó thíortha eile. Méaduithe ar phraghas an fhuinnimh/aistriú go fuinneamh in-athnuaite. Tá foinsí fuinnimh in-athnuaite amhail painéil ghréine, fuinneamh gaoithe srl suiteáilte ag táirgeoirí san earnáil phríomhúil ar nós feirmeoirí.	3@5m (2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
2	(C)	(i)	Mínigh an téarma ‘eitic ghnó’. Is éard atá san eitic ghnó ná na rialacha / caighdeáin / prionsabail mhorálta (ceart nó mícheart) a chuidíonn le daoine roghanna eiticiúla a dhéanamh i ngnólacht.	5m (2+3)
	(C)	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar conas a d’fhéadfadh gnólacht a chuid fostaithe a spreagadh le bheith eiticiúil. Cód Eitice Ba cheart don ghnólacht cód eitice a dhréachtú, arb é sin ráiteas foirmiúil i scríbhinn, ina leagtar amach an t-iompar a bhfuiltear ag súil leis ó ghnólacht agus é ag déileáil le páirtithe leasmhara. “Sceithireacht” a spreagadh Baill foirne a spreagadh chun iompar mí-eiticiúil a thuairisciú trí thimpeallacht a chruthú ina dtugtar luach saothair i gcomhair sceithireachta. Go dtabharfaidh an lucht bainistíochta ceannaireacht le dea-shampla Nuair a bhíonn an fhoireann shinsearach an-eiticiúil & nuair a léiríonn siad iompar eiticiúil, tabharfaidh sé sin spreagadh do na híochtaráin iad féin a iompar mar an gcéanna. Oiliúint don Fhoireann Ba chóir cód eitice a thabhairt do na baill foirne ag oiliúint ionduchtúcháin & ba chóir go mbeadh modúil ar iompar eiticiúil san oiliúint mheabhrúcháin. Luach Saothair/Nósanna Imeachta Araíonachta Luach saothair as iompar eiticiúil & bearta pionósacha dóibh siúd a fhaightear go bhfuil siad á n-iompar féin ar bhealach mí-eiticiúil Iniúchadh Eiticiúil Scrúdaíonn duine neamhspleách ón taobh amuigh ar a dtugtar iniúcháir eitice gach gné den ghnólacht: conas a dhéantar é a bhainistiú, cá háit a gceannaíonn sé a chuid ábhar srl. Ansin seolfaidh an t-iniúcháir tuarascáil chuig bainisteoirí ina dtugann sé chun suntais na réimsí ina raibh an gnólacht á iompar féin go heiticiúil agus ina leagtar amach céimeanna chun an t-iompar a stopadh.	3@5m (2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3	(A)	(i)	Mínigh an téarma Comhardú na nÍocaíochtaí. Ciallaíonn Comhardú na nÍocaíochtaí an difríocht idir iomlán na n-easpórtálacha agus iomlán na n-iompórtálacha i dtír. - Is é an difríocht idir na hearraí agus na seirbhísí fisiciúla go léir a dhíoltar le custaiméirí atá bunaithe thar lear i dtíortha eile, agus luach na n-allmhairí sofheicthe agus na n-allmhairí dofheicthe, earraí agus seirbhísí fisiciúla a cheannaíonn tomhaltóirí Éireannacha ó ghnólachtaí atá bunaithe thar lear. - Is féidir le barrachas a bheith ann má bhíonn i iomlán na n-easpórtálacha níos mó ná iomlán na n-iompórtálacha - Áirítear le heaspórtálacha sofheicthe earraí amhail mairteoil. Áirítear gluaisteáin le hallmhairí infheicthe - Áirítear le heaspórtálacha dofheicthe seirbhísí a dhíoltar le custaiméirí atá bunaithe thar lear amhail eitiltí Aer Lingus le turasóirí Meiriceánacha	6m (3+3)
	(A)	(ii)	Ríomh Comhardú na Trádála agus Comhardú na nÍocaíochtaí ag baint úsáid as na sonraí thuas. Luaigh cé acu barrachas nó easnamh atá i do fhreagra. Taispeáin do chuid oibre. Comhardú na Trádála Easpórtálacha Sofheicthe - Iompórtálacha Sofheicthe 1 € 72bn - € 34bn = € 38bn barrachas 1 1 1 1 1 Comhardú na nÍocaíochtaí= Easpórtálacha Iomlána - Iomp 1 :ha Iomlána (72bn+93bn) - (34bn+84bn) = €47bn barrachas [Figiúr féin ceadaithe] 1 1 1 1 1 1 1 NÓ €165bn- €118bn = €47bn barrachas [Figiúr féin ceadaithe]	BOT/CnaT 6 mharc (1 mharc ar fhoirmle agus 1 mharc ar gach figiúr ceart agus 1 marc ar bharrachas) BOP/CnaI 8 marc (1 mharc ar fhoirmle agus 1 mharc ar gach figiúr ceart agus 1 marc ar bharrachas)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3	(B)	Seachas cánachas, déan plé ar na cúiseanna a lonnaíonn cuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn. Lucht Saothair Oilte Tá lucht saothair ard-oilte ag Éirinn. Tugann sé sin líon níos fearr oibrithe do chuideachta ilnáisiúnta ag a bhfuil na scileanna is mó a lorgaítear le roghnú astu. Is é 53.5% an sciar daoine 30-34 bliain d’aois a bhfuil cáilíocht tríú leibhéal acu ná i gcomparáid le meán an AE de 40%. Rochtain ar Mhargadh an Aontais Trí ghnólacht a chur ar bun in Éirinn, is féidir le cuideachtaí móra a gcuid táirgí a dhíol faoi shaoirse ar fud mhargadh mór an Aontais Eorpaigh gan aon bhac ar thrádáil. Méadaíonn sé sin a gcuid brabús. Béarla Breathnaítear ar an mBéarla mar theanga ghnó agus spreagann sé sin gnólachtaí chun lonnú anseo mar is í Éire an t-aon tír san Aontas Airgeadaíochta Eacnamaíoch arb é an Béarla a céad teanga. Deontais/Páirceanna Gnó Forbartha Is féidir le cuideachtaí ilnáisiúnta leas a bhaint as tacaíochtaí flaithiúla a chuireann gníomhaireachtaí stáit ar fáil amhail páirceanna gnó nó maoiniú chun an costas a bhaineann le bunú agus reáchtáil a ngnólachta anseo a laghdú. Éifeacht Bhraisle/Bhreatineachta Mar gheall ar chomhchruinniú na gcuideachtaí ilnáisiúnta in Éirinn, d’fhéadfaí iallach a chur ar ghnólachtaí intíre bheith nuálach chun dul san iomaíocht. Mar thoradh ar an nuálaíocht mhéadaithe sin, forbraítear ardscileanna agus ard-eolas i dtionscal. Suíomh Geografach Tá Éire ina droichead idir SAM agus an Eoraip. Chomh maith leis sin, tá Éire an-ghar don Ríocht Aontaithe, agus is í an Ríocht Aontaithe ceann de na geilleagar is mó ar domhan.	4@5m (2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3	(C)	(i)	Déan idirdhealú idir na téarmaí an cumasc margaíochta caighdeánaithe agus an cumasc margaíochta sainoiriúnaithe. Ciallaíonn meascán caighdeánach margaíochta gnólacht a úsáideann an teaicic chéanna dá meascán margaíochta domhanda (táirge domhanda, praghas domhanda, cur chun cinn domhanda agus áit dhomhanda) ach Ciallaíonn an meascán margaíochta oiriúnaithe gnólacht a athraíonn an táirge domhanda, praghas domhanda, cur chun cinn domhanda, straitéisí áite domhanda chun freastal ar bhreithnithe áitiúla m.sh. cultúr áitiúil, teanga áitiúil, caighdeán maireachtála áitiúil, costais dáileacháin, reiligiún srl.	2@5m (2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
3	(C)	(ii)	Mínigh an tábhacht d'Éirinn a bhaineann le ceann amháin ar bith de na polasaithe seo a leanas de chuid an Aontais Eorpaigh. An Comhbheartas Talmhaíochta Polasaí Sóisialta an AE Polasaí Iomaíochta an AE <u>An Comhbheartas Talmhaíochta</u> Cuireann sé caighdeán maireachtála cóir d'fheirmeoirí chun cinn: Tugann an Comhbheartas Talmhaíochta deontais d'fheirmeoirí faoi scéim na híocaíochta aonair. Déanann an tAontas Eorpach na híocaíochtaí sin le feirmeoirí chun cuidiú le hinmharthanacht ghnó na feirme agus chun caighdeáin maidir le bia, leis an tsábháilteacht agus leis an gcomhshaol a fheabhsú. Saorthrádáil/Gan bhacainní nó srianta Tá cead ag feirmeoirí an Aontais Eorpaigh a gcuid táirgí a dhíol le ballstáit eile den Aontais gan aon bhacainní nó srianta. Tugann sé sin deis d'fheirmeoirí na hÉireann easpórtáil chuig margadh mór. Táirgeadh Feabhsaithe Leis an CBT, tugtar deontais d'fheirmeoirí an Aontais Eorpaigh lena gcaitheamh ar a gcuid talún agus ainmhithe a fheabhsú. Cuidíonn sé seo le feirmeoirí Éireannacha barra ardchaighdeáin a tháirgeadh/a chur ar fáil agus ainmhithe ardchaighdeáin a thógáil, rud a chuidíonn le díolacháin agus brabúsacht a mhéadú. Feirmeoirí a Chosaint ar Iomaíocht Cuireann an comhbheartas talmhaíochta taraifí ar allmhairí bia neamh-AE chun iad a dhéanamh níos daoire. Spreagfaidh sé sin tomhaltóirí chun níos mó a cheannach ó fheirmeoirí/táirgeoirí laistigh den Aontas Eorpach. Caighdeáin Sábháilteachta Bia Foráiltear leis an CBT, do tháirgeadh bia a rialáil ionas go mbeidh an bia uile a shroichfidh tomhaltóirí ar ardchaighdeán. Déantar foráil leis freisin d'inrianaitheacht bia – ón bhfeirm go dtí an forc	2@5m (2+3)

		Soláthar Bia Cinntíonn sé go bhfuil rochtain ag tíortha AE ar sholáthar bia atá slán agus cobhsaí ar phraghsanna réasúnta. Níor cheart go mbeadh an tomhaltóir ag brath ar allmhairí bia agus ar phraghsanna a athraíonn <u>Cairt Shóisialta seo an AE</u> Saorghluaiseacht saothair Tá an ceart ag oibrithe dul ar imirce faoi shaoirse, rud a théann chun sochair fostóirí i gcomhthéacs earcaíochta agus roghnúcháin. Dálaí oibre Tá an ceart chun dálaí córa oibre ag fostaithe. Bunú na treorach maidir le huaireanta oibre srl. Ní ceadmhach d'oibrithe an Aontais oibriú ach 48 uair an chloig ar a mhéad in aghaidh na seachtaine. Tá an ceart acu freisin chun laethanta saoire poiblí agus chun íocaíocht a fháil as saoirse bhliantúil ceithre seachtaine le pá. Cosaint sláinte agus sábháilteacht Le gnéithe cosanta sláinte agus sábháilteachta ag an obair, cuireadh iallach ar fhostóirí dálaí sláinte agus sábháilteachta san ionad oibre a fheabhsú. <u>An Polasaí Iomaíochta</u> Cuireann sé toirmeasc ar chairtéil socraithe praghsanna: Cuireann sé srian ar ghnólachtaí Éireannacha cairtéil fhrithiomaíocha a chruthú nó praghsanna a choinneáil ard go saorga nó cosc a chur ar dhaoine nuathagtha dul isteach sa mhargadh. Ceadanna sé cumaisc agus táthcheangail chun iomaíocht chóir a chinntiú: Tá an chumhacht ag an gCoimisiún cumaisc agus táthcheangail mhóra a rialú. Agus gnó á dhéanamh acu le gnólachtaí níos lú, ní féidir le gnólachtaí móra a gcumhacht margála a úsáid chun coinníollacha a fhorchur lena mbeadh sé deacair dá soláthróir nó do chustaiméirí gnó a dhéanamh le hiomaitheoirí an ghnólachta mhóir.	
--	--	--	--

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
4	(A)	(i)	Sainmhínigh an téarma aighneas trádála mar a leagtar amach é faoin Acht Caidrimh Thionscail, 1990. Díospóid idir fostóirí agus fostaithe i ndáil le fostaíocht nó neamhfhostaíocht fostaithe agus téarmaí agus coinníollacha an phoist.	8m (2+3+3) 3@4 (2+2)
	(A)	(ii)	Déan cur síos ar <u>thrí</u> chineál gníomhaíochta tionsclaíche oifigiúla. Stailc Oifigiúil: • Diúltaíonn na fostaithe dul isteach san ionad oibre nó a gcuid dualgas oibre a dhéanamh. Baineann stailc oifigiúil le ballóid rúnda, fógra cuí don fhostóir agus smachtbhanna ag Comhdháil na gCeardchumann. • Bíonn baill an cheardchumainn atá ar stailc ar picéad lasmuigh den ionad oibre. Oibriú de réir rialach: • Ní dhéanann na fostaithe ach na cúraimí atá scríofa ina sainchuntas poist/conradh fostaíochta. • Cloíonn oibrithe le rialacha a gconarthaí fostaíochta de réir ‘fhuairlitir an dlí’. Cosc ar ragobair: • Diúltaíonn na fostaithe oibriú ar feadh uaireanta breise. • Is féidir leis sin cur isteach mór a chruthú, rud a mbíonn orduithe caillte agus díolacháin chaillte mar thoradh air, go háirithe ag buaic-amanna trádála m.sh. diúltaíonn na fostaithe in aerlíne ragobair a dhéanamh le linn thréimhse na laethanta saoire. Stopadh Dearbhán:/Stailc chomharthach • Stop gairid a chur le hobair na n-oibrithe chun chun aird a tharraingt ar a bhfrustrachas maidir le ceist. • Leagann sé sin béim ar an rún atá ann beart níos tromchúisí a dhéanamh mura dtiocfar ar chomhaontú. Moilleadóireacht/Dul Mall Comhlíonann na fostaithe a gcuid dualgas ach íoslaghdaíonn siad an táirgiúlacht. Tá sé sin deartha chun frustachas a chur ar a bhfostóir.	

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
4	(B)	(i)	Léirigh an difríocht atá idir stocaireacht agus idirbheartaíocht Is éard is stocaireacht ann ná iarracht a dhéanamh tionchar a imirt ar chinnteoirí. Is feidhm de chuid grúpaí sainleasa é. Déanfaidh grúpaí sainleasa iarracht tionchar a imirt ar chinnteoirí trí achainíocha, seimineáir, cruinnithe poiblí, feachtais faisnéise. Is éard is idirbheartaíocht ann nuair a roinneann dhá pháirtí nó níos mó cuspóirí difriúla/spriocanna difriúla/plé difriúil/margadh difriúil, nuair a dhéanann siad tairiscint nó fritairiscint chun iarracht a dhéanamh teacht ar chomhréiteach/comhaontú atá inghlactha go frithpháirteach.	2@5m (3+2)
	(B)	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar dhá bhuntáiste a bhaineann fostaí as ceardchumann Cosnaíonn sí leasanna a bhall: Cosnaíonn ceardchumann a bhall ar cheisteanna amhail pá agus dálaí oibre, go háirithe trí idirbheartaíocht le fostóirí. Comhairle: Cuireann ceardchumann comhairle ar fáil dá mbaill maidir le ceisteanna a bhaineann le caidreamh tionsclaíoch agus/nó cearta caidrimh thionsclaíoch na bhfostaithe. Ionadaíocht Idirbheartaíocht maidir le pá/dálaí: féachann an ceardchumann le pá agus dálaí a gcuid ball a chosaint agus a fheabhsú. Ionadaíocht Phearsanta: Déanfaidh an ceardchumann ionadaíocht dá mball (baill) ag cruinnithe leis an lucht bainistíochta nuair a theastaíonn comhairle shaineolach maidir le caidreamh tionsclaíoch. Pointe bailí eile; • Idirbheartaíocht chomhchoiteann • Tacaíocht ghairmiúil • Comhairle agus cúnamh dlíthiúil • Cosaint sláinte agus sábháilteachta • Tairiscintí speisialta/lascainí • Seirbhísí airgeadais	2@5m (3+2)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
4	(C)	Déan measúnú ar an ról atá ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Thomhaltóirí (CICT) (CCPC i mBéarla). Tugann sé comhairle don Phobal/Cuireann sé an Pobal ar an eolas Soláthraíonn sé eolas agus comhairle don phobal maidir le cúrsaí pearsanta airgeadais agus a gcearta mar thomhaltóirí. Déantar é sin go príomha trína suíomh gréasáin, foilseacháin agus línte cabhrach gutháin Tugann sé Comhairle don Rialtas Tugann sé comhairle don rialtas faoin mbealach is fearr chun iomaíocht chóir a chinntiú agus go gcosnaítear leas na dtomhaltóirí. Reachtaíocht nua Forfheidhmiú Forfheidhmíonn sé dlí na dtomhaltóirí agus iomaíochta trí sháruithe amhrasta a fhiosrú. ✓ Tá an chumhacht aige dul isteach in áitreabh, in éineacht le Gardaí más gá, chun fianaise a bhailiú. ✓ Is féidir leis fíneálacha ar an láthair a eisiúint do ghnólachtaí as sáruithe ar dhlí na dtomhaltóirí. ✓ Is féidir sáruithe tromchúiseacha a tharchur chuig an Stiúrthóir Ionchúiseamh Poiblí. Liosta de na gnólachtaí a bhriseann dlí na dtomhaltóirí a fhoilsiú: Foilsíonn siad Liosta um Chosaint Thomhaltóirí ina sainithnítear gnólachtaí a bhfuarthas go bhfuil dlí na dtomhaltóirí á sárú acu Déanann siad imscrúdú ar chumaisc agus ar tháthcheangail Scrúdaíonn siad cumaisc agus táthcheangail lena chinntiú nach bhfuil laghdú suntasach ar an iomaíocht in Éirinn a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar phraghsanna/seirbhísí a sholáthraítear do thomhaltóirí Sábháilteacht Táirgí Tá freagracht acu as faireachas margaidh maidir le sábháilteacht táirgí a chlúdaítear faoi Threoracha éagsúla an Aontais Eorpaigh Oiliúint/Oideachas a chur ar Thomhaltóirí Tá go leor uirísí ar shuíomh gréasáin CICT do thomhaltóirí le húsáid chun cinntí níos eolasaí a dhéanamh. Ina measc seo tá áireamhain airgeadais, comparáidí costais do sheirbhísí airgeadais éagsúla, tráth na gceist idirghníomhach, srl.	4@4 (2+2) EV 2, EV 2

Roinn 3 – Cuid 2

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
5	(A)	Mínigh cúiseanna a mbeadh duine ina f(h)iontraí. Tuilltear níos mó ioncaim Tuilleann fostaí pá as bheith ina chuid nó ina cuid de ghnólacht. D'fhéadfaidís coimisiún a thuilleamh freisin. Coinníonn fiontraí gach brabús a dhéanann an gnólacht, áfach. De réir mar a fhásann an gnólacht, tagann méadú suntasach ar a n-acmhainneacht tuillimh. Bheith ina 'máistir orthu féin' Bíonn saol féintreoraithe ag an bhfiontraí sa ghnólacht. Níl siad freagrach do bhainisteoir. I bhFabhar cultúr fiontraíochta in Éirinn Spreagtar gníomhaíocht fiontraíochta in Éirinn. Cuireann na hOifigí Fiontair Áitiúla (OFÁna) tacaíocht ollmhór ar fáil do ghnólachtaí áitiúla a bhfuil níos lú ná 10 bhfostaí iontu. Iomarcaíocht Nuair a chuirtear duine aonair ar iomarcaíocht, d'fhéadfadh sé go spreagfaí é nó í lena shaol nó saol a athrú trí ghnólacht a chur ar bun. Gá le gnóthachtáil/Ego/Oidhreacht Bíonn mian láidir acu a bheith rathúil agus impireacht a fhorbairt	3@5m (2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
5	(B)	(i)	Déan idirdhealú idir na téarmaí ‘réise rialúcháin’ agus ‘slabhra ceannais’ Tagraíonn réise rialúcháin do líon na bhfostaithe sóisearacha/d’íochtaránaigh a thuairiscíonn do bhainisteoir. Is féidir leis an raon rialúcháin a bheith caol nó leathan ag brath ar an gcineál oibre, taithí an bhainisteora srl agus Ciallaíonn slabhra ceannais an líne údaráis/cumarsáide i ngnólacht. Soiléiríonn an slabhra ceannais ordlathas gnólachta/cé a thuairiscíonn do cé.	2@5m(2+3)
	(B)	(ii)	Déan plé ar na buntáistí a bhaineann le struchtúr maitrise eagraíochta do ghnólacht amhail IKEA. Tairbhí Spreagadh Méadaithe Comhlíontar riachtanais shóisialta/mheasa fostaithe IKEA le hobair laistigh d’fhoireann. Is féidir leis sin na fostaithe a spreagadh lena ndícheall a dhéanamh. Sampla ag Teastáil Comhordú níos fearr Mar gheall ar mheascán daoine ó ranna éagsúla ag IKEA, foghlaimeoidh daoine níos mó faoina bhfuil ar siúl sa ghnólacht. Sampla ag Teastáil Cinnteoireacht níos fearr Níos mó saineolais nuair a thagann daoine ó ranna éagsúla ag IKEA le chéile chun ceisteanna a phlé, fadhbanna a réiteach agus cinntí a dhéanamh. Is féidir le cinntí níos fearr a bheith mar thoradh ar thuairimí agus saineolas na mball foirne ó dhisiplíní éagsúla a roinnt. Sampla ag Teastáil Níor mó táirgiúlachta-Sineirgí Is féidir níos mó táirgiúlachta a bhaint amach nuair a oibríonn fostaithe le chéile agus mar sin is mó an t-aschur ná nuair a oibríonn fostaithe ina n-aonair. Sampla ag Teastáil	3@5m(2+2+1)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
5	(C)	Tabhair breac-chuntas, agus sampla in úsáid agat, ar an tionchar atá ag an teicneolaíocht ar an mbainistíocht i ngnólacht amhail IKEA maidir le; (i) Dearadh táirgí(ii) Déantúsaíocht(iii) Margaíocht(iv) Bainistíocht acmhainní daonna.	4@5m (2+2+1)
	(C) (i)	Dearadh táirgí (DRC) • Le DRC, is féidir le bainisteoirí scrúdú a dhéanamh ar thionchar athruithe deartha gan costas mór a bhaineann le fréamhshamhlacha. • Feabhsaíonn sé éifeachtúlacht tascanna uathoibrithe trí róbataic, raon rialúcháin níos leithne a úsáid. Sampla ag Teastáil	
	(C) (ii)	Déantúsaíocht - Printéirí CAM/CIM/AI/Printéirí 3D Tionchar ar Dhéantúsaíocht/ar Tháirgeadh • Is féidir leis rialú cáilíochta a fheabhsú freisin. • Is féidir táirgeadh leanúnach ar scála mór a dhéanamh in aon suíomh 365 lá in aghaidh na bliana. Sampla ag Teastáil	
	(C) (iii)	Tionchar ar Mhargaíocht (Suíomhanna gréasáin, na meáin shóisialta, aipeanna) • Úsáid as an idirlíon le haghaidh taighde margaidh (taighde deisce) agus ceistneoirí ar líne (taighde allamuigh). Úsáid as na meáin shóisialta le haghaidh fógraíochta agus caidreamh poiblí. Sampla ag Teastáil	
	(C) (iv)	Tionchar ar Bhainistíocht Acmhainní Daonna (Scarbhileoga, suíomh gréasáin, Zoom/físchomhdháil) • Scarbhileoga do Phleanáil Daonchumhachta. • Suíomhanna gréasáin – earcaíocht • Bogearraí Zoom / físchomhdhála – agallaimh • Office 365/Microsoft Teams - Cianobair Sampla ag Teastáil	

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(A)	(i)	Mínigh na fáthanna a n-ullmhódh Jackson Teo. réamhaisnéis sreafa airgid. Chun cuidiú le heasnamh a sheachaint Ganntanas airgid a fheiceáil roimh ré agus mar sin airgeadas gearrthéarmach a shocrú. Cuideoidh sé le gnó tréimhsí ama a aithint amach anseo nuair a bheidh an farasbarr caiteachais thar ioncam ag an ngnólacht .i. easnamh agus ansin gníomh ceartaitheach/measúnú a dhéanamh ar na modhanna is fearr chun déileáil leis an easnamh airgid. Rialú airgeadais feabhsaithe Cuideoidh sé le gnólacht a shreabhadh airgid a bhainistiú agus maireachtáil de réir a acmhainne. Feidhmíonn sé mar mheicníocht rialaithe airgeadais is féidir a úsáid chun an sreabhadh airgid iarbhir a thomhas i gcoinne sreabhadh airgid pleanáilte, rud a spreagfaidh gnólacht lena chuid airgeadais a phleanáil go stuama agus maireachtáil de réir a acmhainne agus gan róthrádáil a dhéanamh Airgead a thiomsú Is féidir le réamhaisnéis ar shreabhadh airgid cuidiú le rochtain ar mhaoiniú ó institiúidí airgeadais toisc go bhfuil an réamhaisnéis ar shreabhadh airgid ina cuid lárnach den phlean gnó a thugtar do bhainc agus d'infheisteoirí ionchasacha eile/Tacaíonn sí le hiarratais ar iasachtaí agus ar dheontais srl. Pleanáil le haghaidh glansreafaí airgid/sreabhadh airgid glan dearfacha Cuideoidh sé le gnó tréimhsí ama a aithint amach anseo nuair a bheidh barrachas ioncaim thar chaiteachas ag an ngnólacht. Is féidir leis an ngnólacht pleananna a dhéanamh ansin chun na cistí breise sin a chur i dtaisce in institiúid airgeadais nó cinntí maidir le leathnú a dhéanamh.	2@5m(2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(A)	(ii)	Ríomh na figiúirí a seasann na litreacha A, B agus C dóibh ar an réamhaisnéis sreafa airgid. (Taispeáin do chuid freagraí sa fhreagarleabhar) A €5,000 B €168,000 C (€11,000) nó -€11,000	7m (3+2+2)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(A)	(iii)	Tabhair breac-chuntas ar <u>dhá</u> bhealach a bhféadfadh Jackson Teo. déileáil le fadhb atá léirithe sa réamhaisnéis sreafa airgid thuas. 1. Fáltais airgid a mhéadú • Modhanna rialaithe creidmheasa amhail lascaíní le haghaidh íocaíochtaí prasa • Infheistíochtaí a dhíol chun airgead a thiomsú • Sladmhargadh chun caiteachas a spreagadh 2. Íocaíochtaí airgid a laghdú • Íocaíochtaí a scaipeadh thar thréimhsí níos faide • Speansais a laghdú • Díbhinní a laghdú 3. Maoiniú (rótharraingt) • Maoiniú a fháil le haghaidh fiacha gearrthéarmacha, ús iníoctha ar an iarmhéid laghdaitheach. • D'fhéadfadh sé go mbeadh plean gnó ag teastáil chun rótharraingt a fháil.	2@4(2+2)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(B)	Déan plé ar na difríochtaí atá idir teaghlach a bhainistiú agus gnólacht a bhainistiú maidir le cánachas. Cáin Bailiú CBL: Baineann CBL le gnólacht agus teaghlaigh araon. Ní mór do ghnólachtaí agus do theaghlaigh CBL a íoc ar cheannacháin ach is é gnólacht amháin a bhailíonn CBL don rialtas. Cáin chorparáide: Cáin chorparáide ar na brabúis a thuilleann fostóir más cuideachta é an gnólacht. Ní íocann ach cuideachta cáin chorparáide agus ní íocann teaghlaigh cáin chorparáide. Méid na gcánacha: Íocann gnólachtaí níos mó cineálacha cánachais ná mar a íocann teaghlach. Íocann gnólachtaí cánacha amhail rátaí tráchtála agus ÁSPC fostóra. Scála an dliteanais cánachais: Íocann gnólachtaí níos mó cánachais leis na coimisinéirí ioncam ná mar a íocann teaghlaigh.	3@5m(2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(C)	(i)	Mínigh, agus samplaí in úsáid agat, na trí phrionsabal seo a leanas a bhaineann le hárachas; Meon Lánmhaith Slánaíocht Leas Inárachais Meon lánmhaith: Ní mór do dhuine na fíricí ábhartha ar fad a nochtadh agus iarratas á dhéanamh aige nó aici ar árachas agus a bheith ionraic ina n-iarratas ar árachas. Ní mór foirmeacha togra a chomhlánú go beacht. Slánaíocht: Ní féidir le duine árachaithe brabús a dhéanamh as éileamh árachais .i. ar an gcuid is fearr do, is féidir le hárachas duine árachaithe a chur sa staid airgeadais céanna agus a bhí sé nó sí ann sular tharla caillteanas. Má dhéantar carr a dhíscríobh i dtimpiste, gheobhaidh an duine atá faoi árachas a luach athsholáthair agus ní an tsuim bhunaídh a íocadh air. Sampla ag teastáil Leas Inárachais: Caithfidh an duine atá faoi árachas gnóthú as an aonad risíochta a bheith ann agus a bheith thíos lena chailteanas. Is féidir leat do charr féin a chur faoi árachas ach ní leat do chomharsana a chur faoi árachas. Go bunúsach, ní féidir leat rud éigin a chur faoi árachas mura bhfuil leas dílsithe agat ann. Sampla ag teastáil	3@5m(2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
6	(C)	(ii)	Sainaithin cineál <u>amháin</u> polasaí árachais agus mínigh an fáth a bhféadfadh an chuideachta árachais a mheas nach bhfuil an riosca inárachais. D'fhéadfadh cuideachta árachais a mheas go mbaineann riosca neamh-inárachais le hiarratasóir; • Árachas Tí/Baile: Maidir le hárachas tí, má tá cónaí ar an iarratasóir ar thuilemhá, d'fhéadfadh sé go measfadh an chuideachta árachais go bhfuil an polasaí ina riosca neamh-inárachais. • Mótarárachas: má tá dícháilíochtaí tiomána roimhe seo acu d'fhéadfaí a mheas go mbaineann riosca mór leis an iarratasóir. • Glac le sampla ábhartha mínithe.	1@5(2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
7	(A)	(i)	Mínigh an téarma baisctháirgeadh. Déantar méid áirithe nó cainníocht teoranta d'earraí comhionanna a tháirgeadh ag an am céanna agus ansin aistríonn an táirgeadh go baisc nó grúpa difriúil. Críochnaítear obair ar gach céim den táirgeadh sula gcuirtear tús le baisc nua. m.sh. i mbácús, baisce builíní agus baisc scónaí ina dhiaidh sin. -----	5m (2+3)
		(ii)	Déan plé ar na himpleachtaí do 4th ARQ má athraíonn siad ó bhaisctháirgeadh go próiseas olltáirgthe. Barainneachtaí scála: Méadóidh an t-athrú ar olltáirgeadh na mbarainneachtaí scála a bhaintear amach. Trí chostas gach aonaid a tháirgtear a laghdú méadóidh sé sin brabúis. Caipiteal a theastaíonn le haghaidh innealra: Déantar olltáirgeacht a uathoibriú go mór agus d'fhéadfadh sé go mbeadh gá le hinfheistíocht in innealra, trealamh agus áitreabh. Pá/Cineál fostaí: D'fhéadfadh sé go méadóidh an t-aistriú go holltáirgeacht an líon oibrithe monarchan atá de dhíth ar an ngnólacht. NÓ d'fhéadfaí an pá a laghdú toisc nach dteastaíonn a oiread fostaithe mar gheall ar uathoibriú Rochtain ar mhaoiniú: D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le foinsí breise maoinithe fhadtéarmaigh. M.sh. D'fhéadfadh sé go gcaithfeadh an 4ú IFD tuilleamh coinnithe a úsáid, nó bintiúr a fháil nó caipiteal cothromais a thiomsú. Rialú Stoic: Beidh córas éifeachtach rialaithe stoic de dhíth má táthar le hathrú chuig olltáirgeadh. Plean Margaíochta: d'fhéadfadh sé go mbeadh plean margaíochta athbhreithnithe de dhíth ar an 4ú IFD má aistreofar go olltáirgeadh.	3@5m(2+2+1)

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
7	(B)	Cuir Trádálaí Aonair agus Cuideachta Theoranta i gcodarsnacht lena chéile mar chineálacha úinéireachta gnó faoi na ceannteidil seo a leanas: Foirmiú; Dliteanas; Airgeadas; Cóimheastóir/Rialú Foirmiú: Ní mór duit clárú mar dhuine féinfhostaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim. Más mian leat ainm gnó a úsáid, ní mór duit d'ainm gnó a chlárú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC). Agus i gcás cuideachta theoranta -, ní mór duit clárú leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí (OCC), ní mór do do chuideachta tuarascálacha agus cuntais a chur ar ais chuig an OCC gach bliain ansin. Cláraigh ainm do ghnóilachta agus comhdaigh do thuairisceáin chuideachta ar líne ag baint úsáid as CORE (Timpeallacht Chlárúcháin Cuideachtaí Ar Líne) an OCC. Faoi Acht na gCuideachtaí 2014, is féidir cuideachtaí príobháideacha faoi theorainn scaireanna a chlárú mar: TEO (cuideachta phríobháideach faoi theorainn scaireanna) nó CGA (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) Dliteanas: I struchtúr úinéireachta trádálaí aonair, bíonn dliteanas neamhtheoranta ag an úinéir agus bíonn dliteanas teoranta ag scairshealbhóirí cuideachta teoranta. Airgeadas: Is féidir le cuideachtaí teoranta níos mó ná úinéir amháin a bheith acu agus dá bhrí sin bíonn sé níos éasca caipiteal a thiomsú agus ní bhíonn ach úinéir amháin trádálaí aonair chun caipiteal cothromais a sholáthar. B'fhéidir go mbeadh sé níos deacra don trádálaí Aonair creidmheas a rochtain freisin. Cóimheastóir/Rialú: Bíonn smacht iomlán ag an trádálaí Aonair ar chinnteoireacht agus i gcuideachta theoranta bíonn an smacht bunaithe ar chéatadán na húinéireachta roinnte. Ceapann na scairshealbhóirí bord stiúrthóirí a cheapann Stiúrthóir Bainistíochta/Príomhoifigeach Feidhmiúcháin chun an gnó a reáchtáil.	4@5m (2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
7	(C)	(i)	Mínigh trí cinn ar bith de na téarmaí airgeadais gnó seo a leanas. • Leachtacht • Cuntas Brabúis agus Caillteanais • Féichiúnaithe • Díbhinní Ciallaíonn leachtacht cumas gnólachta a dhliteanais ghearrthéarmacha a íoc de réir mar a bheidh siad dlite. Taifeadann cuntas Brabúis agus Caillteanais na díolacháin lúide costais agus speansais uile na heagraíochta don bhliain airgeadais. Sainaithníonn sé Ollbhrabús agus Glanbhrabús na heagraíochta. Is éard is féichiúnaithe ann ná daoine aonair nó gnólachtaí a bhfuil airgead amuigh acu ar an ngnólacht i ndiaidh earraí nó seirbhísí a cheannach ar cairde. Is éard is díbhinn ann ná an chuid de na brabúis a íoctar le scairshealbhóirí ag deireadh na bliana. Déantar díbhinní a chinneadh agus a fhógairt ag an CGB gach bliain. Bunóidh an bord stiúrthóirí polasaí díbhinní na cuideachta agus cinnfidh sé na díbhinní más ann dóibh. Déanfar é sin a phlé agus a chinneadh/vótálfar ina leith ag CGB na cuideachta.	3@5m(2+3)
	(C)	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar chóimheas airgeadais <u>amháin</u> a mbaintear úsáid as chun brabúsacht ghnólachta a thomhas. An céatadán den Ollbhrabús: Céatadán na ndíolachán ar brabús é sula n-asbhaintear speansais. Is féidir é a úsáid chun brabúsacht na ngníomhaíochtaí déantúsaíochta a mheas. Is féidir é a úsáid freisin chun stoc a luacháil má dhéantar damáiste dó de bharr tine nó timpiste. An céatadán den Glanbhrabús: Céatadán na ndíolachán ar brabús é i ndiaidh speansais a asbhaint. Déanann sé measúnú ar an mbrabúsacht iomlán. Cuidíonn sé le hinfheisteoirí a mheas an bhfuil a dhóthain brabúis á ghiniúint ag gnólacht óna chuid díolachán. Má bhíonn difríocht mhór idir corrlach an ollbhrabúis agus corrlach an bhrabúis ghlain, d'fhéadfadh sé sin a thabhairt le tuiscint go bhfuil na speansais ró-ard. An Toradh ar Chaipiteal in Úsáid: Cóimheas airgeadais is ea an toradh ar chaipiteal in úsáid a thomhaiseann brabúsacht cuideachta i gcomhthéacs a chuid caipitil ar fad. Taispeánann sé an toradh céatadáin ar gach €1 a infheistíodh. Is minic a dhéanann infheisteoirí comparáid idir an TAI agus an ráta a thairgtear i gcuntais taisce. Ligeann sé seo dóibh féachaint an bhfuil toradh fiúntach á bhaint amach acu ar a n-infheistíocht.	1@5m(2+3)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
8	(A)	(i)	Mínigh an téarma praghsáil bhisigh. Tagraíonn praghsáil bhisigh do ghnólacht a ghearrann praghas ard chun íomhá d’ardcháilíocht a chruthú. Is féidir le praghsáil bhisigh íomhá ardghradaim a chruthú do tháirge agus is féidir léi tionchar a imirt ar éileamh.	5m (2+3)
	(A)	(ii)	Tabhair breac-chuntas ar na tosca a d’fhéadfadh gnólachtaí a mheas sula gcinneadh ar phraghas dá dtáirge nó dá seirbhís. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra. Costas táirgthe / taighde & forbartha:/taighde agus forbairt Ní mór do ghnólacht costas déantúsaíochta gach earra a chur san áireamh sula gcinneadh sé praghas gach earra. M.sh. Má chosnaíonn sé €1 chun deoch a dhéanamh, cinneadh an gnó céatadán chun an praghas costais a chur leis. An spriocmhargadh – Ní mór do ghnólachtaí an grúpa daoine a bhfuil gach táirge dírithe air a chur san áireamh. M.sh. Chuirfeadh nuachtáin amhail The Daily Mail agus The Irish Times leibhéil ioncaim a spriocmhargaidh san áireamh sula gcinneadh siad pointe praghais chun dul isteach sa mhargadh. D’fhéadfadh táirgí a bheith ag Prime a dhírítear go sonrach ar dhaoine óga ar mian leo a cheapadh go bhfuil an deoch fuinnimh is fearr ar an margadh á ól acu. Iomaíocht: Ní mór do ghnólacht praghsanna táirgí a n-iomaitheoirí a chur san áireamh. M.sh. Caithfidh Prime a chinneadh an ngearrfar an táille chéanna, praghas níos airde nó praghas níos ísle ná a cuid iomaitheoirí ar nós Gatorade, Monster srl. Dálaí eacnamaíocha/éileamh – is féidir praghsanna níos airde a ghearradh i mborradh eacnamaíochta. B’fhéidir go gcinneadh gnólachtaí amhail óstáin srl praghas níos airde a ghearradh ar a cuid táirgí má leanann an geilleagar ag fás nó mar mhalairt air sin b’fhéidir go ndéanadh an gnó praghsanna a ísliú le linn tréimhse de chúlú eacnamaíochta. Glac le pointí atá mínithe go hiomlán le sampla a bhaineann le; • Éileamh sa mhargadh • Ionchais Tomhaltóirí/Íomhá den táirge • Cánachas (taraifí, táillí iompórtála) • Suíomh Táirge • Céim Shaolré an Táirge • Srianata Dlíthiúla	3@5m (2+2+1)

Ceist			Freagraí Féideartha	Uas. Marc
8	(B)	(i)	Céard dó a seasann na litreacha ÚCFÉ (ASAI i mBéarla)? Údarás Caighdeáin Fógraíochta na hÉireann	4m 2@5(2+3)
	(B)	(ii)	Déan idirdhealú idir fógraíocht chineálach agus fógraíocht áititheach. Úsáidtear fógraíocht chineálach chun an tomhaltóir a spreagadh chun smaoineamh ar chineál táirge seachas ar bhranda ar leith. M.sh. An Chomhairle Náisiúnta Déiríochta ag spreagadh bainne a ól. Fógraíocht áititheach: Leis an bhfógraíocht sin, déantar iarracht a chur ar ina luí ar thomhaltóirí go dteastaíonn an táirge uathu. Déanann fógraíocht áititheach iarracht an teachtaireacht a chur in iúl go soláthróidh an táirge/seirbhís sin luach do shaol an tomhaltóra. M.sh. Déanann L'Oréal iarracht a chur ina luí ar an tomhaltóir go mbeidh gruaig níos sláintiúla/níos mealltaí acu má úsáideann siad a gcuid táirgí.	1@6(3+3) 1@5(3+2)
	(B)	(iii)	Tabhair breac-chuntas ar mheán fógraíochta a mholfá do dhá cheann de na gnólachtaí atá ar an liosta thíos. Tabhair cúis mar thaca le gach moladh • Uaireadóirí Rolex • Óstán agus Ionad Gailf Adare Manor • Deochanna Hiodráitiúcháin Prime Is minic a úsáidtear é i gcéimeanna seolta agus fáis shaolré an táirge • Rolex – Fógraíocht chlóite/teilifíse dhírítear ar dhaoine ar ioncam ard. Fógraí in irisí aerlíne den scoth, fógraí le linn comórtais leadóige nó gailf. Fógraíocht ag óstáin cúig réalta. Is é an spriocmhargadh daoine a bhfuil ioncam ard acu, idir fhir agus mhná, cuid acu ina dtomhaltóirí taistil agus spóirt chostasaigh amhail leadóg agus gailf. • Óstán agus Ionad Gailf Adare Manor - d'fhéadfadh siad fógraíocht a dhéanamh in irisí gailf idirnáisiúnta nó ar chlúdach teilifíse idirnáisiúnta ar imeachtaí gailf amhail US Masters, Ryder Cup srl. Cúis - Is é spriocmhargadh an óstáin turasóirí saibhre ar mian leo taisteal agus gailf a imirt srl. • Deochanna Prime Hydration - Fógraíocht dhigiteach ar na meáin shóisialta, YouTube srl. Cúis: Is é an spriocmhargadh tomhaltóirí óga a úsáideann na meáin trí Tik Tok, YouTube srl.	

Ceist		Freagraí Féideartha	Uas. Marc
8	(C)	Déan cur síos ar theicnící difriúla do phromóisin díolachán a bhféadfadh gnólacht úsáid a bhaint astu chun táirge nua nó táirge atá ann cheana a chur chun cinn. Bain úsáid as samplaí chun tacú le do fhreagra. Laghdú praghaís/lascainí: D'fhéadfadh miondíoltóirí laghdú 20% a thairiscint ar laethanta trádála malla nó stoc a dhíol a bheidh as séasúr go luath. M.sh. miondíoltóirí amhail Woodies, Eleverys agus margadh 20 nó 30% acu d'Aoine Mhór na Siopadóireachta nó i ndiaidh na Nollag. Ceannaigh ceann faigh ceann saor in aisce/Tairiscintí Speisialta/2 ar phraghas 1 D'fhéadfadh gnólachtaí ceannaigh ceann faigh ceann saor in aisce a thairiscint ar raon leathan táirgí chun díolacháin a spreagadh. M.SH. D'fhéadfadh tairiscint speisialta 'ceannaigh ceann agus faigh ceann saor in aisce' ar Dhíbholaígh Dove custaiméirí a spreagadh nach raibh sé beartaithe acu díbholaíoch a cheannach. Cóid lascaíne/Cúpón praghasghearrtha don chéad cheannach eile – D'fhéadfadh miondíoltóirí dearbháin a thairiscint a laghdódh costas an chéad cheannacháin eile do chustaiméirí. Faightear dearbháin sa phost nó i nuachtáin nó tairgtear iad mar luach saothair ar cheannacháin roimhe seo. M.sh. Nike.com ag seoladh cód lascaíne ríomhphoist lascaíne 10% ar do chéad cheannach eile chuig custaiméir. Dunnes Stores ag tairiscint lascaíne €10 nuair a chaithfidh tú €50. Cártaí Dílseachta – is féidir cárta dílseachta a úsáid chun díolacháin athuaire a spreagadh. M.sh. d'fhéadfadh miondíoltóirí amhail Centra caife saor in aisce a thairiscint ar gach cúig chaife a cheannaítear. Comórtais – d'fhéadfadh miondíoltóirí comórtais a réachtáil chun duaiseanna a bhuachan trí na meáin shóisialta. m.sh. Comórtas á réachtáil ag Vodafone chun dhá thicéad chuig cluiche rugbaí na hÉireann a bhuachan nó comórtas á réachtáil ag Allianz chun ticéid a bhuachan do Chluiche Ceannais na hÉireann. Samplaí Saor in Aisce Le samplaí saor in aisce de tháirge, is féidir an tomhaltóir a nochtadh don táirge agus an tomhaltóir a spreagadh chun an táirge a cheannach. M.sh. Tugann cuideachta criospaí samplaí de chriospaí le blas nua do thomhaltóirí agus ag ceannach gcuid earraí grósaeireachta. Marsantú Taispeánfaidh gnólacht earraí ar bhealach níos tarraingtí chun ceannacháin a spreagadh. M.sh. is féidir roinnt barraí próitéine a dhíol i seastáin speisialta gar do chuntair amach in ollmhargadh	3@5m (2+2+1)

